LÓISTÍOCHTA AGUS SLABHRA SOLÁTHAIR
AN GRÚPA UM SCILEANNA

# 2022 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL LSCSG

## IMEACHTAÍ AR FREASTALAÍODH ORTHU IN 2022

Ghlac an LSCSG páirt i roinnt imeachtaí i rith 2022 chun earnáil na lóistíochta agus an tslabhra soláthair a chur chun cinn. I measc na n-imeachtaí ar freastalaíodh orthu bhí Worldskills Ireland [Scileanna Domhanda Éireann] – an taispeántas printíseachta is mó sa tír – Seimineár do Bhainisteoirí Iompair a d'eagraigh Freight Transport Association Ireland (FTAI) [Comhlachas Iompar Lastas Éireann] agus Taispeántas um Ghairmeacha do Phrintísigh a d'eagraigh Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Luimnigh/an Chláir.




*An tAire Naughton ag World Skills Ireland 2022 [Scileanna Domhanda Éireann] áit ar chas sí le comhaltaí LSCSG*

Cuireann an Grúpa Scileanna Lóistíochta agus Slabhra Soláthair (LSCSG) fóram ar fáil le haghaidh comhoibriú agus gníomhaíocht phraiticiúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna in earnáil na lóistíochta agus an tslabhra soláthair.

## CRUINNITHE

Tháinig an LSCSG le chéile ceithre huaire in 2022, an 25 Eanáir, an 21 Aibreán, an 28 Iúil agus an 24 Samhain. Tháinig Foghrúpa LSCSG le chéile 8 n-uaire le linn 2022, foghrúpa a bhfuil sé de chúram air Seachtain Scileanna um Lóistíocht agus Slabhra Soláthair a eagrú.

## CUSPÓIRÍ AN GHRÚPA

1. Fóram a chur ar fáil le haghaidh cumarsáid, comhoibriú agus ceannaireacht leanúnach in earnálacha na Lóistíochta agus an tSlabhra Soláthair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na hearnála in Éirinn.

2. Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh saothair in earnáil na Lóistíochta agus an tSlabhra Soláthair agus léargas a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn san earnáil.

3. Feabhas a chur ar phróifíl na ról in earnáil na Lóistíochta agus an tSlabhra Soláthair, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca tallann a earcú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar fheasacht daltaí meánscoile faoin raon ról suimiúil i ngach earnáil.

4. Conairí forchéimnithe a chur ar fáil dóibh siúd atá ag dul isteach sna róil nó atá ag obair sna róil cheana féin, go háirithe dóibh siúd ar bheagán oiliúna, agus sainmhínithe soiléire ar róil a nascadh le dámhachtainí acadúla nó dámhachtainí gairme eile.

5. A chinntiú go bhfuil deiseanna forbartha ar fáil chun na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí riachtanacha a chur ar fáil.

6. Feabhas a chur ar choinneáil fostaithe.

LÓISTÍOCHTA AGUS SLABHRA SOLÁTHAIR
AN GRÚPA UM SCILEANNA

# DUL CHUN CINN MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ TOSAÍOCHTA —

**1**


### Pacáiste eolais/acmhainní d'ábhair a bhaineann le gairmeacha sa Lóistíocht agus sa Slabhra Soláthair a ullmhú le scaipeadh ar Chomhairleoirí Gairmthreoracha dara leibhéal.

In 2022, d'fhoilsigh an Grúpa bróisiúr faoi ghairmeacha in earnáil na lóistíochta agus an tslabhra soláthair do dhaltaí dara leibhéal, agus dáileadh é ag go leor imeachtaí gairmeacha i rith na bliana. D'fhoilsigh an Grúpa doiciméad forléargais freisin ar an soláthar oideachais agus oiliúna atá ann cheana féin sa lóistíocht agus sa slabhra soláthair, ina leagtar amach na conairí oideachais atá ann cheana féin don earnáil in Éirinn.

**2**

### Raon feidhme a mheas chun críche Seachtain an tSlabhra Soláthair a eagrú.

Chuir an Grúpa tús le raon feidhme a mheas chun críche an chéad tSeachtain Náisiúnta Lóistíochta agus Scileanna Slabhra Soláthair riamh in Éirinn a eagrú, arb é is cuspóir di earnáil na lóistíochta agus an tslabhra soláthair a chur chun cinn do mhic léinn, d'iontrálaithe féideartha nua, agus do dhaoine atá ag athrú a ngairme, chomh maith le feidhmeannaigh an tslabhra soláthair a chur ar an eolas faoi na scileanna nua atá de dhíth san earnáil anois agus a bheidh de dhíth amach anseo. D'aontaigh an Grúpa go reáchtálfaí an tSeachtain Scileanna sin ón 27 Márta go dtí an 1 Aibreán 2023 agus go seolfadh an tAire Stáit Jack Chambers í i Eoraphort Ros Láir.




**3**

### Cur i bhfeidhm leanúnach na Moltaí maidir le Ganntanas Tiománaithe.

I mí Feabhra, d'fhoilsigh an Grúpa dhá Nóta Faisnéise, inar leagadh amach na céimeanna atá de dhíth ar dhuine le bheith ina thiománaí HGV do shaoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus do shaoránaigh neamh-LEE araon. I mí an Mhárta, rinne comhaltaí LSCSG cur i láthair d'Institiúid na dTreoirchomhairleoirí mar chuid den Eispéireas Náisiúnta FGL. I mí na Bealtaine, i Sligeach, sheol an tAire Simon Harris agus an tAire Stáit Hildegarde Naughton an Phrintíseacht um Oibríochtaí Iompair agus Tiomáint Tráchtála, an chéad cháilíocht ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí atá nasctha le gairm na tiomána HGV.



## BUAICPHOINTÍ EILE NA BLIANA

### Foilsíodh Straitéis na hÉireann um Tharlú de Bhóthar 2022-2031 an 15 Nollaig 2022.

Leagtar amach inti an treo beartais straitéiseach don tionscal tarlaithe agus lasta de bhóthar don chéad deich mbliana eile amach romhainn.




### Cruthú Lógó LSCSG agus Féiniúlacht Branda

Cheadaigh comhaltaí LSCSG dearadh lógó agus aitheantas branda don Ghrúpa.

LÓISTÍOCHTA AGUS SLABHRA SOLÁTHAIR
AN GRÚPA UM SCILEANNA

### Foghrúpa na Seachtaine Scileanna a Chruthú

Bunaíodh Foghrúpa i mí Mheán Fómhair a bhfuil sé de chúram air an Grúpa Scileanna Lóistíochta agus Slabhra Soláthair a phleanáil agus a eagrú. Bhí comhaltaí an LSCSG Lorcan Sheehan agus James Kearney ina gcomhchathaoirligh ar an bhFoghrúpa sin agus tháinig siad le chéile ocht n-uaire in 2022.

## PLEANANNA LE HAGHAIDH 2023

An chéad tSeachtain Náisiúnta um Scileanna Lóistíochta agus Slabhra Soláthair in Éirinn a reáchtáil i mí an Mhárta 2023.

Comhaltaí LSCSG le gairmeacha sa lóistíocht agus sa slabhra soláthair a chur chun cinn ag Worldskills 2023 i mí Mheán Fómhair 2023

Leanúint leis an obair ar shruthanna oibre taighde sa lóistíocht agus sa slabhra soláthair a shainaithint agus a chur chun cinn.

## COMHALTAS

- An Roinn Iompair / Department of Transport
- An Roinn Coimirce Sóisialaí / Department of Social Protection
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta / Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta / Department of Enterprise, Trade and Employment
- The Chartered Institute of Logistics and Transport
- FTA Ireland – Celebrating 10 years
- Ibec – For Irish Business
- Institute of Chartered Shipbrokers Ireland
- IEA – Irish Exporters Association
- iiffa
- IPICS
- IRHA – Irish Road Haulage Association
- MTU – Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan / Munster Technological University
- NMCI – National Maritime College of Ireland
- PerformanSC
- Regional Skills Mid West – Partnerships For Skills
- SETU – Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt / South East Technological University
- TU Dublin

## STAITISTICÍ ÁBHARTHA

Tháinig méadú

**7.1%**

ar fhostaíocht in earnáil an Iompair agus na Stórála idir R4 2021 agus R4 2022.

Líon na nDaoine atá fostaithe in Iompar agus Stóráil – R4 2022 –

**113,100**

arb ionann é agus

**4.4%** den Fhostaíocht Iomlán

Maidir leis an ngníomhaíocht gheilleagrach ar an iomlán, is ionann iompar agus stóráil agus thart ar

**€5.7 billiún**

den oll-bhreisluach iomlán i ngeilleagar na hÉireann.

B'ionann an meántuilleamh seachtainiúil ag deireadh 2022 agus

**€886.40**


do dhaoine a bhí fostaithe in earnáil an iompair agus na stórála,

**7%** níos mó ná mar a saothraíodh in 2021 agus in 2019 araon.

### Inscne % de na daoine atá fostaithe in iompar agus stóráil

**Fireannach** **Baineannach**

**Foinse:** Suirbhé Lucht Saothair, R4 2022, an Phríomh-Oifig Staidrimh




***Foinse:** Suirbhé ar an Lucht Saothair, R4 2022, an Phríomh-Oifig Staidrimh*

LÓISTÍOCHTA AGUS SLABHRA SOLÁTHAIR
AN GRÚPA UM SCILEANNA